Comhairle Contae Dhún na nGall
Donegal County Council

# FORBAIRT POBAIL

LCDC
Coiste um Fhorbairt Pobail Áitiúil Dhún na nGall
Donegal Local Community Development Committee







COMHAIRLE CONTAE DHÚN NA NGALL
FORBAIRT POBAIL

# Nuachtlitir Pobail



"Fáilte chuig ár gcéad Nuachtlitir fá Fhorbairt Pobail. San eagrán seo agus sna míonna amach romhainn tá súil againn aird a tharraingt ar chuid de na tionscadail agus na tionscnaimh atá á gcomhordú, á mbainistiú agus á maoirsiú ag ár Rannóg Forbartha Pobail agus ag Coiste um Fhorbairt Pobail Áitiúil Dhún na nGall (CFPÁ).

Tá forbairt pobail bunaithe ar chroíluachanna an chuimsithe shóisialta, an chomhionannais agus an mheasa ar an éagsúlacht. Le chéile féachann muid le leas a bhaint as acmhainní féideartha agus féachann muid le daoine, grúpaí agus comhlachtaí deonacha agus reachtúla a thabhairt le chéile chun difríocht dhearfach a dhéanamh i bhforbairt na bpobal a bhfreastalaímid orthu."- John G. McLaughlin, Príomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Dhún na nGall.

"Tá Coiste um Fhorbairt Pobail Áitiúil Dhún na nGall comhdhéanta de bhaill na hearnála poiblí agus príobháidí, lena n-áirítear baill agus oifigigh na n-údarás áitiúil, gníomhaireachtaí Stáit, ionadaithe na hearnála príobháidí agus forbartha áitiúla agus pobail a thriodann ar son forbairt áitiúil agus pobail agus a chuireann chun cinn í.

Tarraingíonn muid ar shaineolas agus ar thaithí na ndaoine agus na n-eagraíochtaí a chuimsíonn ár gCoiste chun cur chuige comhtháite agus an úsáid is fearr a bhaint as acmhainní i bpleanáil agus i seachadadh clár forbartha pobail chun feabhas a chur ar chaighdeán beatha agus folláine na bpobal ar fud ár gContae."- An Comhairleoir Niamh Kennedy, Cathaoirleach Chomhairle Contae Dhún na nGall.

## SA NUACHTLITIR SEO GHEOBHAIDH TÚ:

Na tionscadail is déanaí, cláir mhaoinithe agus go leor eile. Coinnigh ort ag léamh!

# Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte

Tá an Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte ar cheann de shraith beart tacaíochta náisiúnta agus áitiúla atá deartha chun bailte agus sráidbhailte beaga tuaithe a athnuachan ar fud na hÉireann agus tá sí dírithe ar bhailte agus ar shráidbhailte a bhfuil daonra 10,000 nó níos lú iontu.



I gcomhpháirtíocht le Fócasghrúpa Phobal an Bhaile Nua agus le gnólachtaí áitiúla, rinne muid ár ndícheall Straitéis agus Plean Gníomhaíochta Athghiniúna a fhorbairt don Bhaile Nua chun forbairt agus athghiniúint an tsráidbhaile amach anseo a mhúnlú. Ar ghné den tionscadal bhí spás do dhaoine óga i lár shráidbhaile an Bhaile Nua. Mar thoradh air sin dearadh agus suiteáladh dhá chochall óige (sa phictiúr thuas) a sholáthraíonn áis tharraingteach áineasa chun tacú le comhtháthú sóisialta agus é a chothú agus sláinte agus folláine a chur chun cinn. Comhlánaíonn an tionscadal oibreacha feabhsúcháin le déanaí lena n-áirítear uasghrádú an bhóthair agus na gcosán agus soláthar soilsiú sráide nua ach níos tábhachtaí fós cruthóidh agus cuirfidh sé bonn eolais faoi fhorbairt an tsráidbhaile amach anseo.




## Tionscadal Civic Dollars

Ag leanúint ón rath a bhí ar Thionscadal Píolótach Civic Dollars na hÉireann a fuair maoiniú na bliana seo caite, bhí lúcháir orainn a fhógairt go leathnófaí an tionscnamh nuálach sin sa dá bhliain amach romhainn. Chun an aip a íoslódáil cliceáil anseo agus chun sonraí a fháil faoi shuíomhanna 'Earn Zone' lena n-áirítear clóis súgartha, tránna, páirceanna, cosáin agus siúlóidí foraoise agus an dóigh le creidmheasanna ar líne a thuilleamh agus a chaitheamh cliceáil anseo.



## Seirbhísí Farantóireachta Dhún na nGall 2024

Tá seirbhís farantóireachta Loch Feabhail a nascann an Caisleán Nua agus Aird Mhic Giollagáin agus seirbhís farantóireachta na Suilí a nascann Bun Cranncha agus Ráth Maoláin ag reáchtáil seirbhís iomlán seacht lá sa tseachtain ón 1 Meitheamh 2024. Le heolas a fháil lena n-áirítear amchláir agus táillí maidir le seirbhís an Chaisleáin Nua agus Aird Mhic Giollagáin cliceáil anseo agus maidir le seirbhís Bhun Cranncha agus Ráth Maoláin cliceáil anseo.

# CLÁR PEACEPLUS 2022 - 2027




## €7 MILLIÚN LE DUL CHUN TAIRBHE DO PHOBAIL DHÚN NA NGALL €6 MHILLIÚN DE MHAOINIÚ BRONNTA FRÍD AN CHLÁR PEACEPLUS

D'éirigh le Comhpháirtíocht PEACEPLUS Chomhairle Contae Dhún na nGall maoiniú de €7,635,396 a fháil faoin Chlár PEACEPLUS, Limistéar Infheistíochta 1.1 Pleananna Gníomhaíochta Áitiúla Comhdheartha PEACEPLUS.

Forbraíodh Plean Gníomhaíochta PEACEPLUS Dhún na nGall, ag baint úsáid as próiseas rannpháirtíochta comhdheartha áitiúil a d'éascaigh cónaitheoirí, eagraíochtaí pobail, sóisialta agus deonacha a ndúshláin, a riachtanais agus a dtosaíochtaí a bhí mar bhunús leis an Phlean a léiriú. Maoineoidh an Plean Gníomhaíochta 32 thionscadal bunathraitheacha agus nuálacha faoi thrí shnáithe théamacha: Athghiniúint agus Claochlú Pobail Áitiúil; Pobail Rathúla Shuaimhneacha; agus Meas a Chothú ar gach Féiniúlacht Chultúrtha.

Bainfidh 7,635 rannpháirtí tairbhe dhíreach as tionscadail a fhaigheann tacaíocht ó Phlean Gníomhaíochta Dhún na nGall, a chuirfidh le leibhéil mhéadaithe cuimsithe sóisialta, comhtháthú trasphobail, agus a chuimseoidh leibhéil mhéadaithe de theagmháil leanúnach idir iad siúd ó phobail éagsúla, ó chúlraí cultúrtha agus polaitiúla. Ina theannta sin, forbróidh an Clár nasc agus comhpháirtíochtaí marthanacha trasteorann le heagraíochtaí pobail agus le gníomhaireachtaí poiblí i dTuaisceart Éireann. Tógfaidh an Clár caidreamh dearfach go háitiúil agus déanfaidh sé difríocht shuntasach laistigh den Chontae maidir le haghaidh a thabhairt ar chlaontacht, tuiscint a chur chun cinn ar éagsúlacht agus ar dhea-chaidreamh le sochaí níos ionchuimsithí a chruthú ar mhaithe le todhchaí chomhroinnte agus níos fearr do chách. FAIGH AMACH NÍOS MÓ ANSEO!




## LEADER /Clár Forbartha Tuaithe (CFT) 2023 -2027

TCuireann an Tionscnamh LEADER cur chuige 'ón bhun aníos' chun cinn maidir le forbairt tuaithe, le cur i bhfeidhm pleananna gnó agus cinntí maidir le maoiniú á ndéanamh ar leibhéal náisiúnta ar thionscadail.

Tá an Clár úr LEADER/Forbartha Tuaithe oscailte d'iarratasóirí faoi láthair agus é mar aidhm aige cáilíocht na beatha a fheabhsú agus éagsúlú gníomhaíochta eacnamaíochta i gceantair thuaithe a spreagadh. Féachann sé le hathrú dearfach a thabhairt i gcrích ag cuidiú le tacú le ceantair thuaithe agus iad a chothú chun feabhais.

LE HEOLAS A FHÁIL MAIDIR LEIS AN DÓIGH LE HIARRATAS A CHUR ISTEACH CLICEÁIL ANSEO

# €500,000 de mhaoiniú ón Scéim Bonneagair Áineasa Allamuigh (SBÁA) Bronnta ar an Saol Allamuigh i nDún na nGall



## SIÚLÓID IARNRÓID NA MUCAISE - BREIS INFHEISTÍOCHTA

Tá tírdhreach iontach Dhún na nGall mar chúlra taibhseach do raidhse Cosán Slímharcáilte agus siúlóidí áitiúla ar chosáin sléibhe, aibhneacha, lochanna agus tránna. Siúlóid amháin den tsórt sin is ea Siúlóid Iarnróid na Mucaise, bealach 7km le radhairc iontacha mar go leanann sé cosán na líne iarnróid go hAilt an Chorráin.

In 2018, chuir Comhairle Contae Dhún na nGall tús leis an turas chun Siúlóid Iarnróid na Mucaise a fhorbairt mar áis a mheallfadh duine ar bith atá ag iarraidh áilleacht nádúrtha iontach an Chontae a fheiceáil. Tosaíonn an chuid sin i mbaile fearainn Charraig an Mhadaidh mar a bhfuil an líne iarnróid ag dul thart le bun na Mucaise (atá 667 méadar ar airde) agus leanann sí ar aghaidh chomh fada le Stáisiún Traenach an Fháil Charraigh, mar a bhí lá den tsaol.

Le hoibreacha feabhsúcháin leanúnacha go dtí seo rinneadh codanna den chosán a uasghrádú, struchtúr droichid a athsholáthar, carrchlós 29 spás a fhorbairt le háiseanna páirceála/casta busanna agus pointí rialaithe rochtana agus suíocháin a shuiteáil. Agus muid ag obair le Grúpa Forbartha na Mucaise agus le húinéirí talún áitiúla, is é an aidhm atá againn le Siúlóid Iarnróid na Mucaise a fheabhsú ná cur leis na hacmhainní, na nithe is díol spéise, na háiseanna, na seirbhísí agus gníomhaíochtaí atá ann cheana sna ceantair áitiúla agus máguaird thart ar an Fhál Charrach agus ar an Chraoslach ar bhealach inbhuanaithe. Soláthraíonn an méadú féideartha ar thurasóireacht ghníomhaíochta deiseanna infheistíochta breise fosta.

I mí an Mheithimh 2024 d'éirigh linn €500,000 eile a fháil ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail do Shiúlóid Iarnróid na Mucaise faoin Scéim Bonneagair Áineasa Allamuigh (SBÁA). Éascaíonn maoiniú SBÁA bonneagar áineasa úr allamuigh a fhorbairt. Cuireann sé tacaíocht ar fáil fosta do dheisiú, do chothabháil, d'fheabhsú nó do chur chun cinn riachtanach an bhonneagair áineasa allamuigh atá ann cheana féin i gceantair thuaithe ar fud na hÉireann. Ceadaíonn an maoiniú d'infheistíocht san infreastruchtúr fisiciúil atá mar bhonn agus taca le gníomhaíochtaí spóirt agus áineasa bunaithe ar úsáid acmhainní na tuaithe; cuireann siad sin le stíleanna maireachtála gníomhacha sláintiúla agus ag an am céanna tógann siad ar acmhainneacht eacnamaíoch agus turasóireachta an cheantair, agus mar sin tá siad chun leasa na bpobal áitiúil agus na dturasóirí araon. Leis an mhaoiniú sin mar aon le hinfheistíocht ó Chomhairle Contae Dhún na nGall, beifear ábalta deireadh a chur le huasghrádú an chosáin 7km ag an Mhucais.

Tacaíonn forbairt Shiúlóid Iarnróid na Mucaise agus go leor eile de spásanna áineasa áille lasmuigh inár gContae le cuspóirí Straitéis Áineasa Allamuigh Dhún na nGall 2023 -2029, atá ailínithe go dlúth le huaillmhianta na Straitéise Glacadh le hAllamuigh na hÉireann – An Straitéis Náisiúnta um Áineas Allamuigh agus tacaíonn sé le cuspóirí Phlean Forbartha Contae Chomhairle Contae Dhún na nGall, leis an Phlean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail agus leis an Straitéis Turasóireachta do Dhún na nGall.




## Lá na hAfraice i nDún na nGall 2024

D'éirigh le Comhairle Contae Dhún na nGall i gcomhpháirtíocht le Tionscadal Forbartha Pobail Leitir Ceanainn (TFP) agus Ardán Idirchultúrtha Dhún na nGall ceiliúradh rathúil a dhéanamh ar Lá na hAfraice i nDún na nGall i mí na Bealtaine le Féile Shráide ag Plás Amharclann an Ghrianáin, áit ar tháinig daoine le chéile chun taitneamh a bhaint as ceiliúradh ar éagsúlacht chultúr agus oidhreacht na hAfraice. Léirigh an ócáid spiorad na héagsúlachta, an chuimsithe agus an spioraid phobail.

Bhí gníomhaíochtaí ann do dhaoine de gach aois ag an Fhéile Shráide mar pháirt de Lá na hAfraice i nDún na nGall mar shampla, bhí daoine faoi dhraíocht ag taibhithe ceoil, bhí páistí ag glacadh páirte i gcluichí agus bhí tatúnna snasta hine ar fáil! Chuir an ócáid ardán ar fáil do cheiliúradh, d'fhoghlaim agus do mhalartú cultúrtha.




## Tionscnamh Dínite Míosta 2024

D'fhógair Comhairle Contae Dhún na nGall go bródúil go leathnófaí a Tionscnamh Dínite Míosta i gcomhar le Líonra Ionad Acmhainní Teaghlaigh Dhún na nGall. Tá sé mar aidhm ag an tionscnamh cuidiú le deireadh a chur le hanás míosta trí rochtain a fháil ar tháirgí míosta saor in aisce, chomh maith le spásanna sláinteachais chun iad a úsáid agus bainistiú dramhaíola sábháilte i bhfoirgnimh phoiblí inrochtana.

Tagraíonn anás míosta don neamhábaltacht táirgí míosta, saoráidí sláintíochta agus sláinteachais a cheannach agus rochtain a fháil orthu agus oideachas agus feasacht le sláinte mhíosta a bhainistiú. D'fhéadfadh rochtain ar na táirgí sin a bheith mar gheall ar chostas, nó ar chúiseanna sóisialta nó cultúrtha.

Tá an réimse táirgí míosta atá ar fáil i gceanncheathrú Chomhairle Contae Dhún na nGall agus in ionaid seirbhíse poiblí orgánach agus ní dhéanann siad dochar don timpeallacht. Tá siad déanta le cadás orgánach deimhnithe 100%, le forchuradóirí in-athchúrsáilte go hiomlán agus pacáistiú inmhúirínithe.

Le sonraí a fháil maidir le hinfhaighteacht táirgí agus suíomhanna cliceáil anseo.

# Ciste Aitheantais Pobail

Tá sé mar aidhm ag an Chiste Aitheantais Pobail (CAP) tacú le bonneagar agus áiseanna pobail a fhorbairt don phobal ar fad mar aitheantas ar an rannchuidiú atá á dhéanamh ag pobail ar fud na tíre chun fáilte a chur roimh líon suntasach daoine a thagann isteach ón Úcráin agus ó thíortha eile agus iad a óstáil.

## IONAD COIS LOCHA



Chuir deontas €70,000 ón Chiste Aitheantais Pobail le clós súgartha ilghníomhaíochta sábháilte, nua-aimseartha, úrscothach a chur ar fáil ar thailte Ionad Cois Locha.

Soláthraíonn an clós súgartha, ina bhfuil trealamh inrochtana chomh maith le gnéithe céadfacha áit súgartha pobail chun foghlaim, cruthaitheacht agus idirghníomhaíocht a spreagadh do theaghlaigh in aice láimhe agus sa cheantar máguaird, agus ag an am céanna deiseanna a chothú do phobail nua páirt a ghlacadh go háitiúil i dteanga uilíoch an tsúgartha.

## CÉADFHREAGRÓIRÍ AN BHAILE NUA

Fuair Grúpa Céadfhreagróirí Phobal an Bhaile Nua€27,000 ó Chiste Aitheantais Pobail 2023 le 17 dífhibrileoir úra agus mála freagróra AEROcase a fháil atá feistithe le soláthairtí leighis ríthábhachtacha chun idirghabhálacha leighis pras agus éifeachtacha a chinntiú le linn cásanna criticiúla.

Tugann an tionscadal sin cumhacht do bhaill an phobail an t-eolas agus na scileanna atá de dhíth chun cuidiú láithreach a chur ar fáil, rud a fheabhsaíonn rátaí marthanais in éigeandálaí. Trí mhothú ullmhachta agus pobal níos sábháilte, níos muiníní agus níos athléimní a chothú is féidir le daoine áitiúla freagairt go héifeachtach d'éigeandálaí leighis.



## INFHEISTÍOCHT €225,000 I BPÁIRC SHÚGARTHA BHUN DOBHRÁIN



Críochnaíodh mórthionscadal athchóirithe arbh fhiú €225,000 é ag príomhchlós súgartha Bhun Dobhráin a fhreastalaíonn ar na mílte daoine áitiúla agus cuairteoirí go bliantúil. Tá radharc ón chlós súgartha ar an trá agus tá sé suite ar dheis in aice leis an áis uisceach móréilimh Waterworld.

Cuimsíonn spás súgartha úr an tionscadail limistéar níos mó ná mar a bhí roimhe seo agus cuimsíonn sé trealamh úr, dromchla, fálú agus láthair shuí agus maoiníodh é faoin Chiste Aitheantais Pobail 2023.

# Clár Maoiniúcháin CLÁR

Cuireann CLÁR (Ceantair Laga Árd-Riachtanais) maoiniú ar fáil do thionscadail bhonneagair ar mhionscála i gceantair thuaithe agus oibríonn sé i gcomhar le maoiniú áitiúil ar bhonn tosaíochtaí a aithnítear go háitiúil. Tá an scéim á maoiniú ag an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus á seachadadh ag údaráis áitiúla i gcomhairle le grúpaí pobail áitiúla.

## IONAD AN TEARMAINN, PAITEAGÓ



Rinneadh athchóiriú agus uasghrádú ar an pháirc LIC (Limistéar Ilúsáide Cluichí) ag Ionad an Tearmainn, a d'áirigh athdhromchlú an limistéir imeartha go scraith shintéiseach líonta le gaineamh agus limistéar úr púdarbhrata fálaithe.

Cuireann an tionscadal, ar bronnadh €50,000 air faoi CLÁR, spás cruinnithe áineasa faoin spéir ar fáil don phobal a spreagann agus a chuireann sláinte dhearfach fhisiciúil agus mheabhrach chun cinn.

## SPÓRTLANN PHOBAIL ÁRAINN MHÓR

Fuair Grúpa Forbartha Árainn Mhór os cionn €39,500 de mhaoiniú CLÁR le haghaidh oibreacha feabhsúcháin agus uasghrádú trealaimh dá spórtlann phobail. Mar pháirt den tionscadal suiteáladh plástarchlár úr, cuireadh urláir úra isteach, cuireadh áiseanna cithfholcadáin agus leithris ar fáil mar aon le doirse dóiteáin, péinteáladh an áit agus ceanaíodh trealamh spóirt úr.

Trí uasghrádú na hacmhainne sin is féidir le pobal a theacht le chéile trí spriocanna comhroinnte sláinte agus folláine. Áis fháilteach oiriúnach don fheidhm a théann níos faide ná iarrachtaí aonair agus a fheidhmíonn mar chóras tacaíochta a cheiliúrann rathanna, a sholáthraíonn treoir nuair a bhaintear cor coise as daoine, agus a spreagann gach ball chun a ndícheall a dhéanamh.



## GÁIRDÍN NA GCEADFAÍ CILL ULTA



Bronnadh €50,000 de mhaoiniú CLÁR ar Gháirdín na gCeadfaí Chill Ulta, atá lonnaithe ar Shlí an Atlantaigh Fhiáin i nGaeltacht Dhún na nGall, chun spás céadfach lán-inrochtana agus uilechuimsitheach a chur ar fáil don phobal agus do chuairteoirí chun taitneamh a bhaint as.

I measc na n-oibreacha bhí gairdín céadfach atá oiriúnach do chathaoireacha rothaí, bánna páirceála atá inrochtana do chathaoireacha rothaí, cistin ina bhfuil áiseanna déanta tae/caife, sorn bithgháis agus painéil ghréine. De bharr gur forbraíodh an gairdín tá spás feabhsaithe ar fáil anois do dhaoine, idir óg agus aosta, le taitneamh a bhaint as.

# Comhchoiste Póilíneachta Dhún na nGall




## GRADAIM ÓIGE AN GHARDA SÍOCHÁNA I NDÚN NA NGALL 2024

Reáchtáladh Gradaim Óige an Gharda Síochána i nDún na nGall ar an 20 Bealtaine 2024 agus ócáid mhór a bhí ann i stair an Chontae sa mhéid is gurbh é an t-imeacht deireanach de cuid Chomhchoiste Póilíneachta Dhún na nGall (CPD). De réir mar a tháinig deireadh leis an eagraíocht shuntasach sin, dhírigh an searmanas aird ar na héachtaí atá déanta agus bainte amach ag daoine óga ar fud Dhún na nGall.

Ba iad seo a leanas Buaiteoirí na nGradam do 2024:
Gradam Aonair: Carmen Hernandez, Baile Dhún na nGall
Gradam Éachta Speisialta: Seán Boyle, Gairmscoil Mhic Dhiarmada, Árainn Mhór
Gradam Aitheantais Speisialta: Conor Callaghan, Coláiste na Daoile, Ráth Bhoth
Gradam Grúpa: Rang 3B, Scoil Mhuire, Bun Cranncha
Gradam Sábháilteachta Pobail: Harry Byrne, Luke Holmes, Konrad Krol & Tristian Harron, Coláiste Naomh Columba, Srath an Urláir

Tá Gradaim Óige an Gharda Síochána i nDún na nGall mar theist ar athléimneacht, ar dhiongbháilteacht agus ar chomhbhá ár ndaoine óga. Agus muid ag fágáil slán le CP Dhún na nGall, tabharfaidh muid ar aghaidh spiorad na haontachta agus an chomhoibrithe a shainigh a hoidhreacht, ag cinntiú go bhfanfaidh guthanna agus ionchur na hóige ar thús cadhnaíochta inár gcomhiarrachtaí lena chinntiú go bhfuil Dún na nGall níos sábháilte, níos láidre agus níos cuimsithí.


SOCIAL INCLUSION AND COMMUNITY ACTIVATION PROGRAMME (SICAP)
1st January 2024 - 31st December 2028

APPENDIX 5

Call-off Contract

Between

Donegal Local Community Development Committee

and

Donegal County Council

and

Donegal Local Development CLG

Date of Issue: 15 December 2023

## CCSGP (Clár um Chuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail) 2024 -2028

Is clár spriocdhírithe, iomlánaíoch é CCSGP dóibh siúd is mó atá faoi mhíbhuntáiste agus is lú an seans go n-úsáidfidh siad seirbhísí príomhshrutha, a sholáthraíonn tacaíochtaí go díreach do thairbhithe agus a nascann iad le seirbhísí atá ann cheana. Is clár ilghnéitheach é a chuireann tacaíochtaí ar fáil chun freagairt do riachtanais an duine aonair agus an phobail, agus é mar aidhm aige a chinntiú go bhfaigheann tairbhithe tacaíochtaí ar ardchaighdeán, saincheaptha, agus solúbthacht a cheadú fosta chun gníomhartha a chur in oiriúint do riachtanas áitiúil.

LE HEOLAS A FHÁIL MAIDIR LEIS AN DÓIGH LE HIARRATAS A CHUR ISTEACH CLICEÁIL ANSEO